

Coláiste de hÍde



Meas - Bród - Comhar

Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Fón 01 4513984 Facs 01 4527075 R-phost: eolas@colaistedehide.ie

Suíomh Idirlín www.colaistedehide.ie

Príomhoide: Sarah Ní Mhuirí

Príomhoide Tánaisteach: Aodán de Paor

Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca

Is iar-bhunscoil í Coláiste de hÍde, Bóthar Chaisleáin Thigh Mothain, Tamhlacht, D24 NP82.

De réir cheanglas Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017*, an *tAquila le Leanaí Ar dtús (2019)*, *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. 2ú heagran. (Tusla, 2024)*, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan Mheasúnú Ráiteas riomlann um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):

Sarah Ní Mhuirí

Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA):

Aodán de Paor

In easnamh an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachta an DIA.

Ainm an Duine Ábhartha:

Sarah Ní Mhuirí

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:

01-4513984

eolas@colaistedehide.ie

Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015, ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráite um Chosaint Leanaí. Ainmnítear an bord bainistíochta ar dtuine seo chun inimh/fhianaise tá m-úsáid leanaí a bhriathrú agus measúnacht a dhéanamh orthu.

Ainm Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an Phríomhfheidhmeannaigh nó a ionadaí:

Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna

I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siúd ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhaill foirne ag gronnú go pánrúil ina ról, glacann cathaoirleach na boird bainistíochta, nó i scoil BOO an Príomhfheidhmeannach nó a thoscaire, ról an DIA.

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus slándáil leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur pá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Dearfaidh an scoil:

- Aithint a dhéanamh go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach. Beag beann ar aon bhreithnithe eile.
- Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leas leanaí.
- Glac le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhrechtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh mí-úsáide leanaí.
- Cleachtas oscailteachta a fhostáil le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh.

Urraim iomláin a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Scoileanna 2025* agus déileáil a dhéanamh le cúrsaí cosanta leanáí.

Cloí leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine fásta leochaileach.

Nósanna Imeachta agus Beartha atá i bhFeidhm

Foilsíodh an Ráiteas um Chosaint Leanáí agus ar Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanáí ar dtús 2015, an Acht um *Leanáí ar dtús: Treoir Náisiúnta 2017*, agus *Leas Leanáí: Treoir maidir le Beartha, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagraan (Tusla, 2024)*, agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár rún leanáí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

- **Nós Imeachta maidir le Bainistiú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-lompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís**

I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó iomthíosa a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaítear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Scoileanna 2025 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie

- **Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun Obair le Leanáí**

Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oifrúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le ceanglais reachtúla grinnfhiosúcháin Aichtanna an Bhrúid Náisiúnta Grinnfhiosúcháin (Leanáí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gclórchláin ábhartha grinnfhiosúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsíú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.

Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraithear gníomh laithreach i gcásanna ina ngcanglaítear ar fhostaí a bheith as poist as geall ar chúrsaí leanáí nó chúiseamh na scoile cosanta leanáí.

- **Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanáí agus Rachtain orthu, lena n-áirítear Aithint Tharla an Dodhála**

Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaitheint tarlaithe diokhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:

Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanáí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena n-áirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad atá ar thaithí oibre).

Cinnfíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanáí cinntiúcháin.

Spregann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanáí a chuirtear ar a fáil.

Cinnfíonn an bord bainistíochta go gcoimeádfar taifid ar oiliúint chosanta leanáí na foirne agus na gcomhaltai bóird go léir.

- **Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanáí chuig Tusla**

Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, maidir le himní faoi chosaint leanaí a thuirisciú do Tusla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.

- **Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad**

Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham agus bhféil ionchas acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaitheofar féadálte breise nach múinteoirí cláraithe iad.

- **Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh (i scoileanna is é an DIA an duine seo)**

Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile: [suíomh gréasáin gov.ie](http://suíomh.greasaín.gov.ie) nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus an Aguisín le Leanaí ar dtús 2019 agus 2025, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirtear ar fáil i ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí, don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirtear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Tusla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí

Is éard is riosca i gcomhthéacs an Ráitis um Chosaint Leanaí agus an Mheasúnú Riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é in Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Leagtar amach an sainmhíniú ar dhíobháil san Acht um Leanaí ar dtús 2015: ciallaíonn "díobháil", i ndáil le leanbh— (a) ionsaí, drochíde nó faillí an linbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh, cibé acu de bharr gníomh, neamhghníomh nó imthosca aonair nó sraith nó teaghlaim de ghníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca, nó eile.

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
1.	Teacht isteach agus imeacht na na scoláirí go laethúil	Riosca díobhála de bharr maoirseacht neamhleor Riosca díobhála mar gheall ar easpa maoirseachta leordhóthanai Riosca díobhála ó dhuine fásta neamhúdairithe ag bailiú páiste. Scoláire ag fágáil na scoile gan chead.	Tá Prótacal Feitheoireachta ag an scoil. Tá Cód Iompair agus Polasaí Bí Cineálta ag an scoil. Córas síniú isteach ag an oifig do chuariteoirí. Córas síniú isteach agus amach ag an oifig atá ceangailte le córas tinrimh na scoile.
2.	Sosanna caithimh aimsire do dhaltai	Riosca bulaíochta Gortú fisiciúil Easpa maoirseachta leordhóthanai	Tá Polasaí Sláinte agus Sábháilteacha, Polasaí Bí Cineálta agus Prótacal Feitheoireachta ag an scoil. Cuirtear traenáil Céad Chabhair ar fáil don fhoireann. Coinníonn an scoil taifid oiliúna foirne. Tá Liosta Céad Fhreagróirí leis an traenáil suas chun dáta crochta ar an mballa lasmuigh den oifig.
3.	Scoláirí ag fágáil talamh na scoile ag am lóin	Riosca díobhálacha mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid míchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta. Riosca bulaíochta/ cibearbhulaíochta Díobháil fhisiciúil	Tá Prótacal Feitheoireachta ag an scoil Tá Cód Iompair ag an scoil. Tá smachtbhannaí ann do dhaltai a fhágann talamh na scoile agus cuirtear tuismitheoirí ar an eolas láithreach.
4.	Teagasc sa seomra ranga	Riosca nach n-aithnítear díobháil Riosca nach dtuairiscítear díobháil go pras Idirghníomhaíochtaí piaraí míchuí	Tá na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm: Cód Iompair; Polasaí Bí Cineálta; Polasaí Ionchuimsithe; Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacha. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanai agus cloíonn siad leo.
5.	Teagasc/Tacaíocht duine le duine	Teagmháil mhíchuí Leanbh ag mothú scoite amach Baill foirne gan ghrinnfhiosrúchán	Tá na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm: Cód Iompair; Polasaí Bí Cineálta; Polasaí Ionchuimsithe; Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacha, Polasaí Teagasc Duine le Duine, Prótacal Feitheoireachta do Bhaill Foirne. Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
6.	Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh	Riosca bulaíochta Díobháil fhisiciúil Cibearbhulaíocht Riosca díobhálacha mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid míchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta	Tá na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm: Cód Iompair; Polasaí Bí Cineálta; Polasaí Sláinte agus Sábháilteacha Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanai agus cloíonn siad leo.
7.	Teagasc agus foghlaim ar líne	Cibearbhulaíocht Rochtain ar ábhar díobhálach Rochtain gan chuireadh Grianghraif nó taifeadadh scoláire gan chead	Cuireann an scoil OSPS i bhfeidhm lena n-áirítear sábháilteacht ar líne. Tá Polasaí Úsáide Inghlactha ag an scoil. Tá srianta ar na suíomhanna gur féidir dul orthu ar an idirlíon scoile.

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
			Tá Polasaí Bí Cineálta ag an scoil.
8.	Gníomhaíochtaí Spóirt	Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán Teagmháil mhíchuí Scoláirí ag dul ar strae ón imeacht Diobháil ó dhaoine fásta seachtracha	Tá Cód Iompar agus Prótacal Feitheoireachta do Bhaill Foirne ag an scoil. Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanáí agus cloíonn siad leo.
9.	Turais scoile	Easpa maoirseacht cuimsitheach Dochar ó dhaoine fásta seachtracha Páiste ar iarraidh Sarú teorainneacha Cumarsáid mhíchuí	Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Tá Polasaí Turais Scoile ag an scoil agus cuirtear tuistí ar an eolas faoi roimhré. Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm.
10.	Turais thar oíche/thar lear	Leochaileacht mhéadaithe Iompar míchuí Teagmháil mí-oiriúnach ó dhaoine fásta	Tá Polasaí Turais Scoile ag an scoil. Déantar Seicliosta Measúnú Riosca do Thuras Scoile a chomhlíonadh roimhré. Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
11	Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis	Bulaíocht Teagmháil mhíchuí Easpa maoirseachta	Déanann an scoil maoirseacht ar leithris agus ar sheomraí feistis. Tá Polasaí Feitheoireachta do Bhaill Foirne, Polasaí Bí Cineálta agus Cód Iompair ag an scoil.
12	Lá Spóirt	Bulaíocht Teagmháil mhíchuí Easpa maoirseachta/ riosca gortaithe	Déanann an scoil pleanáil éifeachtach don lá spóirt, ag cinntiú go bhfuil feitheoireacht cheart ar siúl ar gach grúpa. Cuirtear traenáil Céad Chabhair ar fáil don fhoireann. Coinníonn an scoil taifid oiliúna foirne. Tá Liosta Céad Fhreagróirí leis an traenáil suas chun dáta crochta ar an mballa lasmuigh den oifig. Tá Cód Iompair agus Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.
13	Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn scoláirí páirteach	Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán Leanbh ar iarraidh Diobháil le linn gníomhaíochta	Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Cinntítear go mbíonn maoirseacht éifeachtach i bhfeidhm nuair atá imeacht á pleanáil.
14	Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile	Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán Easpa maoirseachta Diobháil le linn gníomhaíochta	Tá treoirilinte agus nósanna imeachta maidir le daoine seachtracha/ cuairteoirí ag an scoil. Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
15	Socrúithe iompair scoile lena n-áirítear coimhdeachtaí bus a úsáid	Bulaíocht Teagmháil míchuí Dochair ó dhaoine fásta	Tá Polasaí Bí Cineálta ag an scoil Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
16	Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,	Leochaileacht mhéadaithe Teagmháil mhíchuí Bulaíocht Scoláire ar iarraidh	Tá Polasaí Ionchuimsiú ag an scoil. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí, Prótacal Feitheoireachta do Bhaill Foirne agus cloíonn siad leo. Tá Nós Imeachta Treorach do Theagasc Duine le Duine. Cuirtear CRSanna ar thraenáil ábhartha nuair is cuí.
17	Cúram a thabhairt d'aon scoláire leochaileach, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá	Bulaíocht Teagmháil míchuí Easpa maoirseachta Dochar ó dhaoine fásta seachtracha Scoláire ar iarraidh	Tá Polasaí Bí Cineálta agus Polasaí Ionchuimsiú ag an scoil. Tá Nós Imeachta Treorach do Theagasc Duine le Duine ag an scoil. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí agus cloíonn siad leo. Cuirtear bail foirne ar thraenáil ábhartha nuair is cuí.
18	Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc scoláirí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá	Diobháil fhisiciúil Srian míchuí	Tá Polasaí Sláinte agus Sábháilteacha agus Cód Iompair ag an scoil.
19	Bainistíocht ar sholáthar bia agus dí	Daoine fásta nach bhfuil cáilithe le GARCABHAR Ailléirge bia Sláinte & sabháilteacht	Cuirtear traenáil Céad Chabhair ar fáil don fhoireann. Coinníonn an scoil taifid oiliúna foirne. Tá Liosta Céad Fhreagróirí leis an traenáil suas chun dáta crochta ar an mballa lasmuigh den oifig. Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacha ag an scoil.
20	Riarachán Leighis	Láimhseáil neamhshábháilte	Cuirtear traenáil ar fáil do bhaill foirne mar is cuí (m.sh. traenáil CRSanna le Epilepsy Ireland) Tá treoirínte maidir le cógais a riar ag an scoil lena n-áirítear toiliú tuismitheora.
21	Riarachán ar Gharchabhair	Teagmháil mhíchuí Cóireáil mhícheart	Cuirtear traenáil ar fáil do bhaill foirne mar is cuí (m.sh. traenáil CRSanna le Epilepsy Ireland). Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí agus cloíonn siad leo. Cuirtear traenáil Céad Chabhair ar fáil don fhoireann. Tá Liosta Céad Fhreagróirí leis an traenáil suas chun dáta crochta ar an mballa lasmuigh den oifig.
22	Soláthar curaclaim maidir le OSPS lena n-áirítear OCG	Múinteoir neamh-cáilithe, Daltaí mí-chompórdach, Ábhar nach bhfuil in oiriún aois, Bainte ón rang (cead ó thuistí)	Tá Polasaí Oideachais, Caidrimh agus Gnéasachta ag an scoil a leagan amach na nósanna imeachta. Cuirtear traenáil cuí ar fáil do mhúinteoirí.

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Beartha atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
23	Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí	Dochar ó bhulaíocht/ cibearbhulaíocht	Tá Cód Iompair agus Polasaí Bí Cineálta ag an scoil.
24	Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí	Tionchar ar mheabharshláinte na foirne	Roinntear an t-eolas leis na baill foirne roimhré agus cuirtear na traenáilaithe ar an eolas. Cuirtear traenáil ábhartha ar fáil nuair is cuí (m.sh. SafeTALK)
25	Pearsanra seachtrach ag tacú leis an gcuraclam/ le gníomhaíochtaí seach-churaclaim	Ábhar míchuí Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán Bulaíocht ar an dalta Daltaí mí-chompordacha	Tá Treoracha ar Nósanna Imeachta do Chuiditheoirí ag an scoil. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí agus cloíonn siad leo. Tá Polasaí Bí Cineálta ag an scoil Bíonn múinteoir i láthair i gcónaí
	Cúram do dhaltai a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail:		
26	- Scoláirí mionlaigh eitneacha/ imircigh/ atá mar bhaill den lucht taistil/ LADT+/ de chreideamh reiligiúnach mionlaigh	Ciníochas Bulaíocht Imeallú Easpa tacaíochta agus tuisceana	Tá Polasaí Ionchuisiú agus Polasaí Bí Cineálta ag an scoil. Tá Polasaí Oideachais, Caidrimh agus Gnéasachta ag an scoil. Tá Foireann Tacaíochta Scoile ag an scoil a chuireann idirghabhálacha oiriúnacha i bhfeidhm. Déantar céiliúradh ar sheachtaini éagsúla m.sh. Seachtain an Chinéaltais, Seachtain an Folláine, Seas an Fód, Seachtain an Chairdis.
27	- Leanaí atá faoi chúram agus/ nó leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí	Drochthinreamh Easpa trealaimh Dúshlán le bainistíocht mothúcháin	Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí agus cloíonn siad leo. Tá Foireann Tacaíochta Scoile ag an scoil a chuireann idirghabhálacha oiriúnacha i bhfeidhm Tá Polasaí Tinrimh ag an scoil
28	- Leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu	Leigheas gan a bheith ar fáil Leigheas as dáta Easpa eolais i measc na foirne faoi conas é a thabhairt Easpa eolais i measc na foirne faoin riachtanais a bheith ag an bpáiste	Bíonn an t-eolas maidir le daltaí le riachtanais leighis ar Tyro agus roinntear eolas ag cruinnithe foirne Cuirtear an traenáil chuí ar fáil do phearsanra cuí nuair is gá Tá Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
	Pearsanra scoile a earcú lena n-áirítear :		
29	- múinteoirí, CRSanna, cúramóirí, rúnaithe, glantóirí agus cóitseálaithe spóirt	Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán	Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
30	- Teagascóirí Seachtracha/ Aoi-Chainteoirí/ Oibríthe Deonacha/ Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile/	Teagmháil mhíchuí Ábhar míchuí	Tá Treoracha ar Nósanna Imeachta do Chuiditheoirí ag an scoil. Cloíonn an scoil le reachtaíocht

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
	Cuairteoirí nó conraitheoirí ar scoil le linn uaireanta scoile	Daoine fásta gan grinnfhiosrú	Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Bíonn ball foirne i láthair i gcónaí.
31	- Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis scoile	Teagmháil mhíchúí Ábhar míchúí Daoine fásta gan grinnfhiosrú Méadú ar an mbaol le níos lú daoine ar an láthair	Tá Treoracha ar Nósanna Imeachta do Chuairteoirí ag an scoil. Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
32	- Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag scoláirí ar scoil, na meáin shóisialta san áireamh	Cibearbhulaíocht Rochtain ar ábhar míchúí Teagmháil le strainséirí Priobháideachas sonraí	Cuireann an scoil OSPS i bhfeidhm lena n-áirítear sábháilteacht ar líne. Tá Polasaí Úsáide Inghlactha ag an scoil. Tá srianta ar na suíomhanna gur féidir dul orthu ar an idirlíon scoile. Tá Polasaí Bí Cineálta agus Cód Iompar ag an scoil.
33	- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear scoláirí a choinneáil istigh, fóin a bhaint srl.	Achrann idir scoláirí agus foireann Úsáid mhíchúí smachtbhannaí	Tá Cód Iompair ag an scoil.
34	Scoláirí ón scoil atá rannpháirteach in eispéireas oibre in áiteanna eile	Rochtain gan maoiseacht Easpa feasachta ar chosaint Tinreamh	Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Déanann múinteoirí gloch gach seachtain chun tinreamh a sheiceáil.
35	Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil	Teagmháil míchúí.	Tá Treoir Maidir le Socrúchán Oibre ag an scoil
36	Fiseán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadh	Iomhá a roinnt gan cead	Tá Polasaí Úsáide Inghlactha ag an scoil. Iarrtar cead grianghrafadóireachta ar thuistí tríd an aip scoile.
37	Eagraíocht eile ag úsáid áitribh scoile i rith an lae scoile	Damáiste do mhaoin agus d'fhoirgnimh Teagmháil míchúí	Tá Treoracha ar Nósanna Imeachta do Chuairteoirí ag an scoil. Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacha ag an scoil
38	Staidéar stiúrtha	Rochtain ar ábhar díobhálach Bulaíocht	Tá Polasaí Bí Cineálta agus Polasaí Úsáide Inghlactha ag an scoil. Bíonn múinteoir ar an láthair i gcónaí.
39	Club Bricfeásta	Bulaíocht Teagmháil míchúí Easpa maoirseachta Dochar ó dhaoine fásta seachtracha	Tá Polasaí Bí Cineálta, Polasaí Ionchuimsiú ag an scoil. Tá Nósanna Imeachta do Theagasc Duine le Duine ag an scoil. Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí agus cloíonn siad leo.

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Beartha atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
		Scoláire ar iarraidh	Bionn ball foirne i láthair i gcónaí agus tá Prótocal Feitheoireachta do Bhaill Foirne ann.

De réir Alt 11 den Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus le ceanglais Chaibidil 9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, seo a leanas an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca i scríbhinn.

Agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca seo a ndéanamh acu, tá iarracht déanta ag an mbord bainistíochta na rioscaí díobhála a bhaineann leis an scoil seo a aithint a mhéid is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leorhóthanacha i bhfeidhm chun na rioscaí go léir a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun an riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir

Rinne an bord bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar 11 Meitheamh 2026.

Sínithe:	<i>Deirdre Mac An Bhaird</i>	Dáta:	11/6/2026
-----------------	------------------------------	--------------	-----------

Cathaoirteach an Bhoird Bainistíochta

Sínithe:	<i>Sarah ní Mhuirí</i>	Dáta:	11/06/2026
-----------------	------------------------	--------------	------------

Príomhoide/Rúnaí an bhoird bhainistíochta

Déanfar athbhreithniú arís ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo i mí an Mheithimh 2027.

Tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar chrochadh i gColáiste de hÍde, ar fáil ar an suíomh scoile www.colaidedehide.ie agus i gcóip chrua ó oifig na scoile ach é a iarradh.